



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2013

Tá *Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2013* á foilsiú inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Léiríonn an Bhliainiris pictiúr cuimsitheach d'Éire an lae inniu. Soláthraíonn sí eolas mionsonraithe, táblaí agus graif thar réimse leathan ábhar. San áireamh iontu seo tá daonra, lucht saothair, oideachas, coireacht, an geilleagar, talmhaíocht, tionscal, seirbhísí, praghsanna, tithíocht, geilleagar feasachta agus an timpeallacht.

Daoine

- Léiríonn torthaí Dhaonáireamh 2011 go bhfuil daonra na hÉireann tar éis leanúint ag fás go láidir ó Dhaonáireamh 2006, ag méadú faoi 348,404 duine go 4,588,252 duine. Léiríonn sé seo méadú 8.2% i gcaitheamh na tréimhse 5 bliana idirdhaonáirimh, méadú bliantúil meánach de chuid 1.6%.
- B'ionann líon na gcolscarthaí arna mbronnadh ag an gCúirt Chuarda agus ag an Ard-Chúirt in 2012 agus 2,892, méadú 73 ar fhigiúr na bliana 2011.
- Cláraíodh 72,225 breith sa bhliain 2012, 37,210 fireannaigh agus 35,015 bainearnaigh. Bhí laghdú de chuid 2,425 ó 74,650 breith a cláraíodh in 2011.
- B'iad Jack (gan athrú ón mbliain 2007) agus Emily na hainmneacha ba choitianta do leanaí in 2012.

Obair

- Laghdaigh an líon daoine i bhfostaíocht ó 1.861 milliún in 2011 go 1.836 milliún in 2012.
- B'ionann an líon daoine difhostaithe in 2012 agus 323,000, i gcomparáid le 317,400 in 2011, méadú de chuid 1.8%.
- Chonacthas na laghduithe is mó i meántuilleamh seachtainiúil sna hearnálacha Oideachais (-6.0%) agus Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochas agus teicniúla (-4.3%).
- B'ionann meántuilleamh bliantúil don bhliain 2012 agus €36,079 thar eárnálacha geilleagracha uile, méadú de chuid €174 ar fhigiúr na bliana 2011 de chuid €35,905.

Geilleagar agus Airgeadas

- In 2012, laghdaigh praghsanna tairseacha OTN faoi 1.8% i gcomparáid le 2011. Taifeadh Easnamh Rialtais Ginearálta de chuid €12,460 milliún nó 7.6% de OTI in 2012, níos ísle i bhfad ná Easnamh Rialtais Ginearálta na bliana 2011 de chuid €21,267 milliún nó 13.1% de OTI.
- B'ionann meánráta bliantúil an bhoilscithe don bhliain 2012 agus +1.7%, íslithe ó +2.6% in 2011.
- Thit an Praghasinnéacs Réadmhaoine Cónaithe náisiúnta faoi 11.5% in 2012.
- B'ionann Easpórtálacha don bhliain 2012 agus €92,009m, ardú 1% ón mbliain 2011, le hlompórtálacha cothrom le €49,024m, ardú 1.5%. Bhí sé seo mar chúis le barrachas trádála de chuid €42,985m méadú beagán (0.2%) ar an mbliain 2011.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cs.ie
www.cso.ie



Dálaí Sóisialta, Sláinte agus Oideachas

- Tá méadú tagtha ar chaiteachas Leasa Shóisialaigh ó 8.9% den Olltáirgeacht Náisiúnta in 2002 go 15.6% in 2012.
- B'ionann an líon daoine a maraíodh ar na bóithre in 2011 agus 186, íslithe faoi 26 (12.3%) i gcomparáid le figiúr na bliana 2010, arbh ionann é agus 212.
- In 2012 bhí cáilíocht tríú leibhéal ag 33.9% de dhaoine d'aois 15 go 64.
- In 2011 bhí an ráta díothachta (iad siúd ag tabhairt aghaidh ar dhá chineál díothachta forghníomhaithe nó níos mó) ag nach mór 25% i gcomparáid le nach mór 23% in 2010.

Tógáil agus Foirgníocht

- Tháinig laghdú ar líon na gceadanna pleanála bronnta i ndáil le háitribh nua ó 4,744 go 3,643 idir 2011 agus 2012, is ionann sin agus laghdú 23.2%.

Geilleagar Feasachta

- In 2012, bhí lóistín laethanta saoire (28%), socruithe taistil eile (30%) agus ticéid le haghaidh imeachtaí (27%) ar na cineálacha is cáiliúla earraí agus seirbhísí a ceannaíodh ag baint úsáide as an idirlíon.

Talmhaíocht agus an Timpeallacht

- B'ionann an t-achar feirme iomlán in 2012 agus 4.5 milliún heicteár. Sheas barra, torthaí agus gairneoireacht le haghaidh 8% den achar sin, sadhlas le haghaidh 24%, tuí le haghaidh 4%, féarach le haghaidh 53% agus féarach garbh le haghaidh 11%.
- I Meitheamh 2012 bhí 6.8 milliún eallach, 5.2 milliún caora agus 1.6 milliún muc ann.
- Mhéadaigh líon iomlán na bhfeithiclí cláraithe faoi 136.9% i gcaitheamh na tréimhse 1990-2008, roimh meathlú faoi 2.9% idir 2008 agus 2011. Bhí patrún comhchosúil i gceist le hastaíochtaí CO₂ ó iompar ar bhóithre, ag méadú faoi 193.3% ó 1990-2007 roimh titim faoi 22.3% sa tréimhse 2007-2011.

Tithíocht agus Teaghlaigh

- In 2011 bhí 1,994,845 áitreabh nó aonad tithíochta buan sa Stát. Astu seo, bhí 1,649,408 ina seilbh ag daoine a chónaíonn sa Stát de ghnáth. B'ionann an ráta neamhshealbhaithe trí chéile in 2011, lena n-áirítear tithe saoire, agus 14.5%.
- Mhéadaigh líon na dteaghlach i gcóiríocht ar cíós faoi 47% go 474,788 in 2011, méadaithe ó 323,007 in 2006. Tá rataí úinéireachta tí tite ó 74.7% in 2006 go 69.7% in 2011.

Coireacht

- In 2012, bhí 47% de phianbhreitheanna príosúin sa raon ó 1 bhliain amháin go 5 bliana.
- In 2012 bhí 13,424 Gardaí ann, titim 3.4% ón mbliain 2011.

Turasóireacht agus Iompar

- B'ionann an caiteachas iomlán ar thurais intíre ag cónaitheoirí na hÉireann in 2012 agus €1,345.4 milliún, le nach mór €785 milliún as sin á chaitheamh ar laethanta saoire.
- Thit meánfhad na fanachta ag taistealaithe thar lear chun na hÉireann beagán idir 2011 agus 2012, ó 7.7 oíche go 7.4 oíche.
- Thit líon na ngluaisteán príobháideach ceadúnaithe don chéad uair faoi 12.3% in 2012 i gcomparáid le 2011.
- D'iompair feithiclí earraí cláraithe in Éirinn 110 milliún tonna earraí ar an mbóthar in 2011, arbh ionann sin agus 12% níos lú ná 2010.

Ba mhaith leis an CSO buíochas a ghabháil leis na ranna, na gníomhaireachtaí agus na daoine aonair go léir a chuidigh le sonraí a bhailiú don Bhliainiris, lena n-áirítear iad siúd i dTuaisceart Éireann atá tar éis ábhar a sholáthar don Aguisín.

Tá téacs iomlán na Bliainirise Staidrimh ar fáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an CSO ag:

<http://cso.ie/shorturl.aspx/182>

Is féidir an Bhliainiris Staidrimh a cheannach ó:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, An Roinn Eolais, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Oifig Dhíolta Foilseachán an Rialtais, Guthán 01-6476834, Facs 01-6476843

nó trí aon díoltóir leabhar

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise, téigh i dteagmháil le Eamonn Dorney. Guthán 021-4535036, facs 021-4535555, rphost information@cs0.ie.

An Phríomh-Oifig Staidrimh

31 Deireadh Fómhair 2013

–CRÍOCH–